**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2008***

# *Líníocht Theicniúil*

## *Páipéar II(B) – Gnáthleibhéal*
## *(Feidhmiúcháin Tógála)*

***(200 Marc)***

***Dé Luain, 16 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2.00 - 5.00***

***Treoracha***

*(a)* **Ceithre** *cheist a fhreagairt.*
*(b)* *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
*(c)* *Ní mór na línte tógála a thaispeáint ar gach réiteach.*
*(d)* *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir ar pháipéar na bhfreagraí.*
*(e)* *Ná bain úsáid ach as taobh amháin den pháipéar.*
*(f)* *Tugtar na toisí go léir ina méadair nó ina milliméadair ar an scrúdpháipéar.*
*(g)* *Is ceadmhach teilgean den chéad uillinn nó den triú huillinn a úsáid*


**1.** I bhFíor 1 taispeántar bonnchló agus ingearchló imlíneach de sheastán lucht féachana agus bosca lucht nuachtán i bpáirc imeartha.


Taispeántar, freisin, cló pictiúrtha den struchtúr.

Tarraing an bonnchló atá tugtha.

Déan cló peirspictíochta den fhoirgneamh nuair atá an breathnóir suite 13m ón gcoirnéal A, plána an phictiúir ag teagmháil leis an gcoirnéal A agus an léaslíne 7m os cionn líne na talún.

Scála 1 : 100






**Fíor 1**

**2.** I bhFíor 2 taispeántar bonnchló agus ingearchló imlíneach de dhíon áirithe.

Tá claonadh 50° sna dromchlaí A, B agus C.


Tá claonadh 40° sna dromchlaí D, E agus F.

**(a)** Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló den díon atá tugtha.

**(b)** Forbair an dromchla F.

**(c)** Faigh an uillinn dhéhéidreach idir na dromchlaí C agus E ar an díon.

Scála 1 : 100





**Fíor 2**


**3.** I bhFíor 3 taispeántar bonnchló, ingearchló agus cló pictiúrtha de struchtúr atá bunaithe ar an túr atá beartaithe ag U2 a thógáil sna dugaí i mBaile Átha Cliath.

Tarraing an bonnchló agus an t-ingearchló den túr atá tugtha agus aimsigh na scáthanna a chaitear sa bhonnchló nuair a bhíonn treo an tsolais mar a léirítear.

*(Féadtar an doras triantánach a thaispeántar sa chló pictiúrtha a fhágáil ar lár sa líníocht agat.)*



Scála 1 : 1000




**Fíor 3**

**4.** I bhFíor 4 taispeántar bonnchló imlíneach de ABCD agus CDEF, dhá dhromchla pharabólóideacha hipearbóileacha dín agus iad buailte le chéile.

Tá imlíne an dín mar pheinteagán rialta sa bhonnchló.


Tá na coirnéil A agus E ar leibhéal na talún, tá na coirnéil B agus F 4m os cionn leibhéal na talún, tá an coirnéal C 8m os cionn leibhéal na talún agus tá an coirnéal D 12.5m os cionn leibhéal na talún.

**(a)** Tarraing an bonnchló den díon atá tugtha agus teilg ingearchló.

**(b)** Teilg taobhchló den díon.

**(c)** Faigh cuaire an dín feadh na líne ó A go F.


Scála 1 : 100




**Fíor 4**

**5.** I bhFíor 5 taispeántar bonnchló, ingearchló agus taobhchló de bhonnstruchtúr túir áirithe. Tarraing na clónna atá tugtha, agus tarraing cló isiméadrach den struchtúr.

Scála 1 : 1000




**Fíor 5**

Thall

**6.** I bhFíor 6 taispeántar bonnchló agus ingearchló imlíneach d’fhoirgneamh le haerthrácht a rialú.


Tá mórchuid an struchtúir i bhfoirm hipearbólóideach imrothlaithe.


Taispeántar cló pictiúrtha den fhoirgneamh freisin.

**(a)** Tarraing an bonnchló, agus an t-ingearchló atá tugtha.

**(b)** Faigh fíorchruth an ghearrtha S-S tríd an struchtúr.

Scála 1 : 200



**Fíor 6**

**7.** Taispeánann an líníocht a ghabhann leis seo comhrianta talún ar léarscáil agus eatraimh cheartingearacha deich méadar eatarthu.

**(a)** Ar an líníocht a ghabhann leis seo, tarraing gearradh ceartingearach (próifíl) ar an líne DE.

**(b)** Is pointí freagartha iad A, B agus C ar dhromchla stratam mianaigh.

Aimsigh claonas agus treoíocht an strataim.

**(c)** Tá tarchuradóir craolacháin leathanbhanda suite ar bharr piolóin 30m ar airde ag pointe F.

Tá cónasc le déanamh ag scoil, atá suite ag G, leis an tarchuradóir chun seirbhís leathanbhanda idirlín a fháil.

Ní mór glacadóir craolacháin a thógáil ag an bpointe G. Aimsigh íosairde an aonaid seo le go mbeadh líne dhíreach radhairc uaidh chuig an tarchuradóir.

Leathanach
Bán